Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2022
(OR. en)

13661/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0318(BUD)

FIN 1092

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 |

**IARSCRÍBHINN**

2022/0318 (BUD)

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106 bis de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2022 go cinntitheach an 24 Samhain 2021[2];

– thíolaic an Coimisiún togra, an 5 Deireadh Fómhair 2022, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2022,

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.

– ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill lena seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2022, chun leithreasuithe leordhóthanacha, i measc nithe eile, a chur ar fáil go práinneach (a) chun na bearta éigeandála faoi shnáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair a threisiú; (b) túsualú agus treisiú a dhéanamh ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta chun leanúint de chúnamh comhchineáil a threorú chuig an Úcráin agus héileacaptair agus eitleáin éadroma eile a léasú chun ullmhacht an Aontais maidir le haerchomhrac dóiteáin a mhéadú; agus (c) caiteachas riaracháin agus pinsin faoi cheannteideal 7 a threisiú mar thoradh ar bhoilsciú ard agus ar phraghsanna fuinnimh a bheith ag ardú go tapa. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Glactar, leis seo, an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*